# Scéim Urraíochta Ar Bharr do Theanga
# do
## Cheardlanna Oiliúna sna Taibhealaíona Teangabhunaithe Gaeilge
## Uasmhéid tacaíochta €1000

Tá an tacaíocht mhaoinithe seo curtha ar fáil le ceardlanna rannpháirtíochta de chuid na dtaibhealaíon teangabhunaithe Gaeilge a spreagadh ar fud na tíre (taobh amuigh de na limistéir Ghaeltachta).

Tá an tacaíocht mhaoinithe seo dírithe ar na costais a bhaineann le táillí na n-áisitheoirí amháin.

Cuireann muid fáilte roimh léirithe spéise chun ceardlanna a sholáthar, lena n-áirítear:

- **Amhránaíocht**
- **Lúibíní**
- **Agallaimh Bheirte**
- **Aithriseoireacht**
- **Drámaíocht**
- **Filíocht Bhéil**
- **Rapcheol**
- **Sceitse**
- **Scéalaíocht**
- **Scileanna Taibhléirithe**

D'fhéadfadh leis na ceardlanna seo a bheith mar chuid de chlár imeachtaí ionaid ealaíon, campaí samhraidh, mar chuid d'fhéilte nó mar thacaíocht do churaclam taibhealaíon sna scoileanna.